

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 24

Ainm _____ Rang _____

Gaelscoil Uí Néill



Clár

	lth.
Foclóir G	3
Ar Scoil	5
Trup	6
Foclóir H	7
Pancóga	9
An Aimsir in Éirinn	10
Uisce	11
Clann Lir	12
Foclóir I	13
An tÚllórd	15
An Geimhreadh	16
Foclóir J/K	17
Deilfeanna	19
Na Plainéid	20
Imithe!	21
Naomh Pádraig	22
Foclóir L	23
An Ghrian	25
An Fómhar	26
Foclóir M	27
Mo Laethanta Saoire	29
An Cluiche Ceannais	30
ÚFÓanna	31
An Fia Rua	32

gaofar

gaofar *aidiacht* níos/ís gaofaire
nuair a bhíonn gaoth láidir ann

gaol *ainmfhocal* gaoil

1 duine atá gaolta leat, deirfiúr nó col ceathrar mar shampla **2** nasc nó baint a bheith ann idir dhá rud nó níos mó

gaolta *aidiacht*

1 sa chlann chéanna **2** bainte nó nasctha lena chéile ar bhealach

gaosán *ainmfhocal*

gaosáin

an chuid de d'aghaidh a úsáideann tú le hanáilú agus le boladh, srón

gaoth *ainmfhocal* gaothanna
sruth aeir

gaothchumhacht

ainmfhocal

fuinneamh a fháil ón ghaoth

gaothrán *ainmfhocal* gaothráin

fearas leictreach le liáin a choinníonn daoine fionnuar ar lá te, geolán

gaothscáth *ainmfhocal* gaothscáthanna

an fuinneog ag tosach cairr nó feithicil eile

gaothuirlis *ainmfhocal* gaothuirlisí

uirlis cheoil a shéideann tú nó a úsáideann aer le seinm

gar *aidiacht*

1 i **ngar** in aice le, cóngarach dó, ní i bhfad ar shiúl *Déanaimid cónaí i ngar don trá.* **2** i **ngar agus i gcéin** gach áit *D'amharc muid i ngar agus i gcéin don chat nuair a bhí sé ar strae.*

gar *ainmfhocal* garanna

rud cineálta a dhéanann tú do dhuine eile, fabhar

garáiste *ainmfhocal*

garáistí

1 áit a ndíolann peitreal agus a ndeiseíonn feithiclí nuair atá siad briste **2** foirgneamh ina gcoinnítear carranna nó feithiclí eile

garathair *ainmfhocal* garaithreacha

daidí do dhaideo, do sheanathair mór

garbh *aidiacht* níos/ís gairbhe

gan a bheith mín, cnapánach *Níl an tábla mín, tá sé garbh.*

garchabhair *ainmfhocal*

cóireáil shimplí a thugtar do dhuine atá tinn nó gortaithe sula dtagann an dochtúir nó otharcharr

garda *ainmfhocal* gardaí

1 ball de na péas, póilín **2** duine a thugann cosaint d'áit nó do dhuine

gardáil *briathar* ghardáil,

gardálann, gardálfaidh, gardáil,

gardáilte
rud nó duine a chosaint agus a choinneáil slán

garfhreagra *ainmfhocal*

garfhreagraí

freagra atá cóngarach don fhreagra ceart, meastachán

garg *aidiacht* níos/ís gairge

drochmúinte, míbhéasach

gariníon *ainmfhocal* gariníonacha

iníon de pháiste dhuine

garmachán *ainmfhocal* garmacháin

iasc farraige

garmhac *ainmfhocal* garmhic

mac de pháiste dhuine

garraí *ainmfhocal* garraithe

píosa talún ina mbíonn bláthanna, torthaí nó glasraí ag fás, gairdín

garraíodóir *ainmfhocal* garraíodóir

duine a bhíonn ag obair i ngairdín

garraíodóireacht *ainmfhocal*

obair ghairdín

garrán *ainmfhocal* garráin

carn crann, coill bheag

gas *ainmfhocal* gais

1 an phríomhchuid nó an chuid lárnach de phlanda nó crann, péacán **2 gas féir** píosa amháin d'fhéar

gás *ainmfhocal* gáis

1 substaint atá ábalta bogadh go saor agus ní solad nó leacht é, ocsaigin mar shampla **2 gáis cheaptha teasa** gáis dhochracha a scriosann an brat ózón

gásailín *ainmfhocal*

peitreal

gásmhéadar *ainmfhocal* gásmhéadair



tanc mór ciorclach ina stóráiltear gás

gasóg *ainmfhocal* gasóga

gasúr i dtrúpa a bhíonn ag foghlaim scileanna agus ag cuidiú le daoine

gasra *ainmfhocal* gasraí

grúpa daoine a dhéanann rudaí le chéile



Obair Bhaile 1

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'srón'?
2. Cén áit a bhfeicfeá garmachán?
3. Cad iad na comhfhocail ón leathanach seo a bhfuil an focal 'gaoth' mar chéad fhocal acu?
4. Cad é a dhéanann garraíodóir?
5. Cad é an uimhir iolra de 'gasóg'?
6. Cad é a thugtar ar ghrúpa daoine a dhéanann rudaí le chéile?
7. Cén sórt focail é 'garg'?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a chur isteach.

Inniu, bhí sé gaofar, ach amárach beidh sé níos _____ arís.

Obair Bhaile 2

Ar Scoil


Inniu an Luan,
Ar ais ar scoil,
Inné an Domhnach,
Ag obair gan mhoill.

Inniu an Mháirt,
Ar an bhus,
Ach ar an tábla,
A d'fhág mé mo shos.

Inniu an Chéadaoin,
Drámaíocht anocht,
Ag déanamh cleachtaidh,
Go dtí a seacht.

Inniu an Déardaoin,
Déanaim ceol,
Le mo mhúinteoir pianó,
Agus an fear orgáin Pól.

Inniu an Aoine,
Ar scoil arís,
Ach an Satharn amárach,
Tá mé ar bís!



Ceisteanna

1. I véarsa 1, cad é a chiallaíonn 'gan mhoill'?
2. Cén fáth a bhfuil an cailín míshásta i véarsa 2?
3. I véarsa 3 tá 'drámaíocht' in úsáid mar:
 - (a) briathar.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) aidiacht.
4. Cén uirlis cheoil atá an cailín a fhoghlaim?
5. Cad é mar a mhothaíonn an cailín i véarsa 5?
6. Cén abairt atá fíor?
 - (a) Níl an cailín ag dúil go mór leis an chleachtadh ceoil
 - (b) Tá an cailín ag dúil go mór leis an deireadh seachtaine
 - (c) Tá an cailín ag dúil go mór le dráma ag an deireadh seachtaine

Obair Bhaile 3

Trup!

Mhúscaíl Lúsaí go tobann i lár na hoíche as siocair gur chuala sí trup thíos staighre. Léim sí amach as a leaba agus rith sí isteach chuig seomra a mamaí.

“A Mhamaí, a Mhamaí, múscaíl, múscaíl! Chuala mé trup aisteach thíos staighre,” a scairt sí. “B’fhéidir go bhfuil gadaí ann.”

Ansin, chuala an bheirt acu an trup arís. Léim Mamaí amach as an leaba lena fháil amach cad é a bhí ann.

Shiúil Lúsaí agus Mamaí go ciúin cúramach síos an staighre. Trí fhuinneog an dorais, chonaic siad scáth aisteach ag damhsa thart an seomra suí. Rug Mamaí greim ar chamán a bhí in aice leis an doras.

“I ndiaidh a trí a Lúsaí, oscail an doras,” arsa Mamaí léi.

“A haon, a dó, a trí!” a scairt Mamaí.

“Áááááá!” a scread an bheirt acu. Las Lúsaí an solas agus cad é a bhí in aice leo ach Fionn, an cat, agus luchóg ina bhéal aige! Thosaigh Mamaí ag gáire.

“Nach cat den chéad scoth thú? Ach beidh sé níos fearr má fhaigheann tú greim ar na luchóga i rith an lae, in áit i lár na hoíche!”

Ceisteanna

1. Cá háit a raibh Lúsaí nuair a chuala sí an trup den chéad uair?
2. Rith Lúsaí isteach chuig a mamaí mar:
 - (a) bhí fearg uirthi.
 - (b) bhí eagla uirthi.
 - (c) bhí áthas uirthi.
3. Cén fáth ar shiúil Mamaí agus Lúsaí ‘go ciúin cúramach síos an staighre’?
4. I bparagraf 1 tá an focal ‘mhúscaíl’ in úsáid mar:
 - (a) aidiacht.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) briathar.
5. Cé acu focal is fearr a chuireann síos ar an chat?
 - (a) bómánta
 - (b) iontach
 - (c) dalba
6. Cad é mar a mhothaigh Lúsaí agus a mamaí sa deireadh?

guí

guí *ainmfhocal* guíonna
na rudaí a deir tú nuair a ghuíonn tú,
paidir, urnaí

guigh *briathar* ghuigh, guíonn, guífidh,
guí
labhairt le Dia, de ghnáth trí phaidir a rá

gúm *ainmfhocal* gúim
plean, scéim

guma *ainmfhocal* gumaí
guma coganta milseán a bhíonn tú
ag cogaint nó ag ithe le tamall fada *Is
maith liom guma coganta a ithe.*

gúna *ainmfhocal* gúnaí
ball éadaí do chailíní agus mná, le
barrchóir agus sciorta le chéile *Fuair an cailín
gúna nua dá breithlá.*

gunna *ainmfhocal* gunnaí
arm a scaoileann piléir ó fheadán miotail

gur *cónasc*
gabh chuig go *Dúirt an cailín gur ith sí na
milseáin uilig.*

gurb *mír chopaille*
gabh chuig is *Dúirt an cailín gurb é an peileadóir
is fearr é.*

gusta *ainmfhocal* gustaí
siorradh gasta aeir nó fearthainne

guta *ainmfhocal* gutaí
litracha den aibítir, a, e, i, o nó u


guth *ainmfhocal* guthanna
an fhuaim a dhéanann tú nuair a
labhraíonn tú nó nuair a chanann tú,
glór

guthán *ainmfhocal* gutháin
1 fearas leictreach a ligeann
do dhaoine labhairt lena chéile nuair
atá siad i bhfad óna chéile, fón **2 guthán póca**
fón soghluaiste



haca *ainmfhocal*
1 cluiche a imríonn dhá fhoireann
amuigh le bataí fada cuartha
agus liathróid bheag chrua *Is maith le cailíní
haca a imirt.* **2 haca oighir** cluiche mar haca
a imríonn tú ar oighear

haingear *ainmfhocal* haingir
bothán ina gcoinnítear aerárthaigh



hairicín *ainmfhocal*
hairicíní
stoirm mhór le gaoth láidir

haiste *ainmfhocal* haistí
oscailt in urlár, balla nó
doras, le clúdach de ghnáth

halla *ainmfhocal* hallaí
1 seomra ollmhór do
chruinnithe ceolchoirmeacha agus cruinnithe
móra eile do dhaoine *Beidh cóisir againn sa
halla.* **2** spás nó pasáiste istigh i dtosach an tí

hamstar *ainmfhocal* hamstair
ainmhí beag clúmhach le púitsí ina leicne,
coinníonn daoine é mar pheata ago minic

hanla *ainmfhocal* hanlaí
an chuid de rud a choinníonn tú i
do lámh sa dóigh is go dtig leat é
a stiúradh, é a thógáil nó é a
oscailt, lámhchrann *Cas an hanla
agus oscail an doras.*

hart *ainmfhocal* hairt
an croí i gcárta

hata *ainmfhocal* hataí
clúdach don chloigeann *Chuir
an gasúr a hata ar a cheann.*

hea *forainm*
gabh chuig ea

heicseagán *ainmfhocal* heicseagáin
cruth le 6 shlios

heicteár *ainmfhocal* heicteáir
aonad impiriúil d'achar



héileacaptar *ainmfhocal* héileacaptair
aerárthach gan eiteoga, is iad na liáin mhóra
chothrománacha ag an bharr a
thógann é agus a choinníonn
é san aer, ingearán *Tá an
héileacaptar ag eitilt sa
spéir.*

hidrigin *ainmfhocal*
gás iontach éadrom a dhéanann uisce nuair a
mheasctar é le hocsáigin

hidrileictreach *aidiacht*
uisce a úsáid le leictreachas a dhéanamh

hiéana *ainmfhocal* hiéanaí
ainmhí fiáin atá cosúil le mac tíre agus a bhíonn
ag uallfartach go scréachach

hiodrálach *aidiacht* níos/ís hiodrálaí
ag obair mar gheall ar ghluaiseacht uisce nó
leachta eile



Obair Bhaile 4

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le ‘ingearán’?
2. Cá mhéad slios atá ag heicseagán?
3. Cé acu gás atá luaite ar an leathanach seo?
4. Cén sórt ainmhí é an hiéana?
5. Cad é an uimhir iolra de ‘halla’?
6. Cad é a thugtar ar oscail in urlár, balla nó doras, le clúdach de ghnáth?
7. Cén sórt aimsire a bhíonn ann in hairicín?
8. Cad é a bhíonn de dhíth le haca a imirt?

Obair Bhaile 5

Pancóga

Is breá le daoine pancóga a ithe. Tá siad milis agus blasta. Is maith le daoine iad a ithe le him agus subh. Tá sé furasta go leor pancóga a dhéanamh agus ní ghlacann sé mórán ama.

Ar dtús, beidh na comhábhair agus an trealamh seo de dhíth ort.

Comhábhair:

400g de phlúr Trealamh: babhla
1 x ubh crúiscín
300ml bainne friochtán
im pláta
siúcra

Modh

1. Nigh do lámha ar dtús.
2. Cuir an plúr uilig isteach sa bhabhla.
3. Bris an ubh agus cuir isteach sa bhabhla í.
4. Cuir cuid den bhainne isteach sa bhabhla.
5. Measc gach rud le chéile.
6. Cuir an chuid eile den bhainne isteach ann anois.
7. Measc gach rud le chéile go dtí go bhfuil an meascán cosúil le huisce tiubh.
8. Cuir an meascán isteach i gcrúiscín.
9. Cuir giota den im isteach sa fhriochtán. Bí cúramach mar beidh an friochtán te.
10. Cuir cuid den mheascán isteach sa fhriochtán ansin.
11. Nuair a thagann dath donn ar an phancóg caith suas san aer í. (Bí cúramach nach dtiteann sí ar an urlár!)
12. Nuair atá an dá thaobh donn, cuir an phancóg ar do phláta – tá sí réidh le hithe anois!



Ceisteanna

1. Cad é a chuireann daoine ar phancóga de ghnáth?
2. Cé acu atá fíor?
 - (a) Níl sé deacair pancóga a dhéanamh
 - (b) Tá sé deacair pancóga a dhéanamh
 - (c) Glacann sé tamall fada le pancóga a dhéanamh
3. Cad é an dara rud a chuireann tú isteach sa bhabhla?
4. Tá an focal 'measc' in úsáid mar:
 - (a) aidiacht.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) briathar.
5. Cén fáth a gcaithfidh tú bheith cúramach leis an fhriochtán?
6. Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil an phancóg réidh?

Obair Bhaile 6

An Aimsir in Éirinn

Bíonn gach cineál aimsire againn in Éirinn.

An Fearthainn

Bíonn cuid mhór fearthainne ann in Éirinn, go háirithe sa gheimhreadh. Nuair a bhíonn sé ag cur, titeann braonta beaga uisce ó na scamail. Bíonn buataisí uisce, scáth fearthainne agus cóta fearthainne de dhíth ort. Tá na héadaí seo uiscédhíonach. Coinníonn éadaí atá uiscédhíonach tirim thú mar ní ligeann siad uisce isteach. Ní maith le páistí dul amach san aimsir seo de ghnáth.

Sneachta

Tagann an sneachta sa gheimhreadh. Má bhíonn sé iontach fuar, titeann calóga sneachta ó na scamail. Bíonn hata, cóta te, scairf, miotóga agus buataisí de dhíth ort. Tá na héadaí seo tiubh le tú a choinneáil te. Is maith le páistí bheith ag súgradh taobh amuigh nuair a bhíonn sé ag cur sneachta. Gaoth Bíonn an ghaoth ag séideadh go minic in Éirinn fosta. Séideann sí na duilleoga de na crainn san fhómhar. Is maith le páistí bheith ag súgradh le heitleog nuair a bhíonn sé gaofar.

An Ghrian

In amanna ní bhíonn aon scamall sa spéir agus bíonn an ghrian ag soilsiú, go háirithe sa samhradh. Bíonn hata gréine, spéaclaí gréine, gúna éadrom nó bríste gairid agus T-léine de dhíth ort. Tá na héadaí seo éadrom le tú a choinneáil fionnuar. Is fearr le gach duine an ghrian agus an aimsir mhaith.

Athraíonn an aimsir in Éirinn go gasta. Is féidir gach cineál aimsire a fháil in aon lá amháin go fiú!

Ceisteanna

1. Cé acu atá fíor?
 - (a) Ní bhíonn mórán fearthainne in Éirinn
 - (b) Bíonn sé ag cur fearthainne go minic in Éirinn
 - (c) Bíonn sé iontach tirim in Éirinn
2. Má tá rud uiscédhíonach:
 - (a) coinníonn sé uisce amach.
 - (b) ligeann sé uisce isteach.
 - (c) tugann sé deoch uisce duit.
3. Cá huair a thiteann calóga sneachta ó na scamail?
4. Is maith le páistí an ghaoth mar:
 - (a) is féidir liathróidí sneachta a chaitheamh.
 - (b) ní féidir dul amach.
 - (c) is féidir bheith ag súgradh le heitleog.
5. Cad iad na héadaí is fearr a chaitheamh nuair a bhíonn an ghrian ag soilsiú?
6. Cé acu abairt is fearr a chuireann síos ar an aimsir in Éirinn, do bharúil?
 - (a) Ní bhíonn athrú ar bith ar an aimsir
 - (b) Athraíonn an aimsir go minic
 - (c) Bíonn sé i gcónaí iontach fuar

Obair Bhaile 7

Uisce

Is rud an-úsáideach é uisce. Bíonn sé in úsáid againn gach lá. Bíonn sé de dhíth orainn le cuid mhór rudaí a dhéanamh. Ólann muid é agus úsáideann muid é le bheith ag cócaireacht agus le héadaí a ní, mar shampla. Bíonn uisce de dhíth ar gach rud atá beo fosta. Ní féidir le rudaí bheith beo gan é!

Bíonn uisce de dhíth ar ainmhithe agus ar phlandaí. Caithfidh an feirmeoir uisce a thabhairt do na hainmhithe uilig ar an fheirm. Má tá peata agat, déan cinnte de go mbíonn go leor uisce aige i gcónaí. Faigheann plandaí uisce ón chréafóg sa talamh. Nuair atá uisce ag gach cuid den phlanda thig leis athrú agus fás.



Bíonn uisce de dhíth ar dhaoine fosta. Bíonn uisce de dhíth ar do chorp. Cailleann do chorp uisce nuair a théann tú chuig an leithreas agus nuair a bhíonn tú ag cur allais. Caithfidh tú cuid mhór uisce a ól le bheith ábalta fás agus le bheith sláintiúil.

Tá uisce de dhíth le tú féin agus le do chuid éadaí a ní. Bíonn uisce glan de dhíth ort le cithfholcadh a ghlacadh. Tagann an t-uisce glan seo trí phíopaí faoin talamh a théann isteach sna tithe. Nuair a chasann tú an sconna tagann an t-uisce amach.

Tá áiteanna ar an domhan atá iontach te agus tirim agus bíonn sé iontach deacair uisce ar bith a fháil iontu. Tá an t-ádh orainn in Éirinn mar tá muid ábalta uisce glan a fháil go furasta. Deir daoine go bhfuil barraíocht uisce againn!

Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn uisce in úsáid againn?
2. Cé acu abairt atá fíor?
 - (a) Bíonn uisce de dhíth ar phlandaí amháin
 - (b) Bíonn uisce de dhíth ar ainmhithe amháin
 - (c) Bíonn uisce de dhíth ar rud ar bith atá beo
3. Cad é mar a chailleann do chorp uisce?
4. Cad é a chiallaíonn an frása 'i gcónaí'?
5. Cad é mar a fhaigheann plandaí uisce?
6. Cén fáth a mbíonn sé deacair uisce a fháil in áiteanna?

Obair Bhaile 8


Clann Lir

Fadó fadó in Éirinn bhí rí ann darbh ainm Lear. Bhí ceathrar páistí aige; Conn, Fionnuala, Fiachra agus Aodh. Nuair a bhí na páistí óg, fuair a mamaí bás. Bhí brón an domhain orthu. I ndiaidh tamaill, phós Lear bean eile. Aoife an t-ainm a bhí uirthi. Bhí grá aici do Lear ach bhí fuath aici do na páistí.

Lá amháin, chuaigh na páistí ar thuras le hAoife go dtí loch in aice leo. Bhí plean aici. D'úsáid sí slat draíochta agus rinne sí ealaí de na páistí agus iad ag súgradh san uisce. Bheadh orthu 900 bliain a chaitheamh mar ealaí agus ní bheadh deireadh leis an draíocht go dtí go gcluinfadh siad clog ag bualadh. Nuair a chuala Lear cad é a rinne Aoife bhí sé iontach feargach léi. Rinne sé éan gránna di agus d'éitíl sí ar shiúl.

Bhí na healaí ábalta labhairt. Nuair a tháinig Lear chuig an loch bhí iontas air. D'Inis siad gach rud dó. Thóg Lear teach cóngarach don loch agus thug sé aire do na healaí. Ach fuair Lear bás cúpla bliain ina dhiaidh sin.

I ndiaidh 900 bliain chuala na healaí clog an tséipéil ag bualadh agus d'athraigh siad ar ais. Ní ealaí a bhí iontu níos mó ach daoine. Bhí siad millteanach sean agus fuair siad bás tamall beag ina dhiaidh sin.



Ceisteanna

1. Cérbh é Lear?
2. Cén fáth a ndearna Aoife ealaí de na páistí?
3. Cén sórt duine a bhí in Aoife?
4. Cad é mar a mhothaigh Lear nuair a chuala sé cad é a tharla?
5. Cad é an focal is fearr a chuireann síos ar an scéal seo?

- (a) Brónach
- (b) Áthasach
- (c) Spreagúil

6. Cén fáth a raibh fuath ag Aoife ar na páistí, do bharúil?

iarmhéid

iarmhéid *ainmfhocal* iarmhéideanna
iarmhéid bainc an méid airgid atá ag duine sa bhanc

iarrthóir *ainmfhocal* iarrthóirí
duine a iarrann rud nó a chuireann iarratas isteach ar rud, jab mar shampla

iarsmalann *ainmfhocal*
iarsmalanna
áit a gcuirtear rudaí aosta, suimiúla nó luachmhara ar taispeáint le go dtig le daoine iad a fheiceáil, músaem

iarta *ainmfhocal* iartaí
pláta ar shorn a théann suas a gcuireann tú pota air

iarthar *ainmfhocal*
an treo ina a dtéann an ghrian faoi

iartharach *aidiacht* níos/ís iartharaí
ón iarthar

iarthuaisceart *ainmfhocal*
idir an tuaisceart agus an t-iarthar

iasacht *ainmfhocal* iasachtaí
1 ar iasacht rud a thugann tú do dhuine eile ar feadh tamaill a gheobhaidh tú ar ais ag pointe éigin, nó rud a thugann duine eile duit a gheobhaidh sé ar ais ag pointe éigin **2 ón iasacht** ó thír eile

iasachta *aidiacht* iasachtaí
ó thír eile

iasachtaí *ainmfhocal* iasachtaithe
duine a fhaigheann rud ar iasacht

iasachtóir *ainmfhocal* iasachtóirí
duine a thugann rud ar iasacht

iasc *ainmfhocal* éisc
1 ainmhí a chónaíonn agus a análaíonn in uisce **2 iasc órga** iasc oráiste a bhíonn ag daoine mar pheata

iascaire *ainmfhocal* iascairí
duine a dhéanann iarracht éisc a cheapadh, mar jab nó mar chaitheamh aimsire

iascaireacht *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh éisc a cheapadh

iata *aidiacht* níos/ís iata
1 druidte **2 in iata** ceangailte, san áireamh, in éineacht

iatán *ainmfhocal* iatáin
sa ríomhaireacht, cáipéis a chuireann tú chuig duine le ríomhphost

idé *ainmfhocal* idéanna
rud a smaoiníonn tú air, smaoineamh, plan

íde *ainmfhocal*
íde béil tabhairt amach do dhuine, labhairt le duine go crosta

idéalach *aidiacht* níos/ís idéalaí
gó díreach an rud a ba mhaith leat, foirfe

idéalachas *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh rudaí a dhéanamh idéalach duit féin nó do dhaoine eile

idéalaí *ainmfhocal* idéalaithe
duine a chreideann gur chóir do rudaí a bheith déanta go hidéalach

ídigh *briathar* d'ídigh, ídíonn, ídeoidh, ídiú, ídithe
rud nó rudaí a úsáid suas

idir *réamhfhocal* eadrainn, eadraibh, eatarthu
1 taobh istigh de dhá phointe nó níos mó, i measc dhá rud nó níos mó *Tá an carr briste síos idir Béal Feirste agus Dún Geanainn.* **2** an dá cheann, an bheirt *Bhí idir ghasúir agus ghirseacha ann.* **3 idir an dá linn** le linn do rud éigin eile a bheith ag tarlú

idir- réimír
idir dhá rud nó duine nó níos mó

idirbheartaíocht *ainmfhocal*
iarracht a dhéanamh réiteach nó socrú a oibriú amach trí phlé a dhéanamh

idirchum *ainmfhocal*
fearas a éascaíonn cumarsáid ar raidió nó guthán

idiréadán *ainmfhocal*
idiréadain
scáileán ríomhaire



idirghníomhach *aidiacht*
níos/ís idirghníomhaí
cumas a bheith ann eolas nó sonraí a chur ón chóras ríomhaire chuig an úsáideoir agus ar ais arís

idirlinn *ainmfhocal* idirlinnte
1 an t-am idir dhá imeacht nó idir dhá chuid de dhráma nó scannán **2 san idirlinn** le linn do rud éigin eile a bheith ag tarlú

idirlíon *ainmfhocal*
an gréasán ríomhaire a ligeann do dhaoine ar fud an domhain eolas a roinnt agus teachtaireachtaí a chur lena chéile

idirmheánach *aidiacht* níos/ís idirmheánaí
ag teacht idir dhá rud in áit, ord nó am

idirnáisiúnta *aidiacht* níos/ís idirnáisiúnta
a bhaineann le níos mó ná tír amháin



Obair Bhaile 9

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le ‘músaem’?
2. Cad é a chuireann tú ar iarta?
3. Cad é an aimsir
4. Má thugann duine íde béil duit, an mbeifeá sásta?
5. Má thagann duine ón iasacht, cár b as ar tháinig sé?
6. Cad iad na focail uilig a bhaineann leis an ríomhaireacht ar an leathanach seo?
7. Cén sórt eolais a thugann d’iarmhéid bairc duit?
8. Cad é an uimhir iolra den fhocal ‘iascaire’?

Obair Bhaile 10

An tÚllord

Lá breá fómhair a bhí ann. Bhí Póla agus Rónán ag súgradh amuigh sa ghairdín.

“Amharc ar na húlla móra dearga sin san úllord sin,” arsa Póla le Rónán.

“Ó,” a dúirt Rónán, “ba bhreá liom ceann acu.”

Bhí a fhios ag na páistí nach raibh cead acu dul isteach san úllord in aice leis an teach.

“Rith go gasta,” arsa Rónán le Póla. “Beidh muid chomh gasta sin nach mbeidh a fhios ag duine ar bith go raibh muid ann.”

Rith an bheirt acu isteach san úllord. Dhreap Póla suas ar an chrann ard agus chaith sí na húlla síos chuig Rónán. Go tobann, thit Póla den chrann.

“Ó, mo lámh, mo lámh!” a scairt Póla.

Chuala Mamaí Póla ag caoineadh ón teach agus rith sí amach chuig an ghairdín lena fheiceáil cad é a tharla. Chonaic sí Póla bhocht. D’inis na gasúir di cad é a rinne siad. Bhí sí iontach crosta leo as siocair go ndeachaigh siad chuig an úllord gan fhios di, ach bhí sí buartha fosta agus scairt sí ar Dhaidí. Tháinig Daidí abhaile agus thug sé Póla chuig an otharlann. Bhí a lámh briste. Ní raibh Daidí sásta leo ar chor ar bith.



Ceisteanna

1. Cá háit a raibh Póla agus Rónán ag súgradh?
2. Cén fáth a raibh siad ag iarraidh dul isteach san úllord?
3. Bhí Póla ag caoineadh mar:
 - (a) bhuaile Rónán í.
 - (b) ghortaigh sí a lámh.
 - (c) chonaic Mamaí í san úllord.
4. Cad é mar a mhothaigh Mamaí nuair a chonaic sí cad é a tharla?
5. Cad é a chiallaíonn an frása ‘gan fhios di’?
6. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar dhaidí Phóla?
 - (a) míshásta
 - (b) ocrach
 - (c) sásúil

Obair Bhaile 11

An Geimhreadh

Tá go leor daoine ann nach maith leo an geimhreadh as siocair go mbíonn sé fuar agus fliuch. Ach is maith liomsa an geimhreadh, an séasúr is fuaire den bhliain. Éiríonn sé dorchá go luath tráthnóna agus bíonn sé dorchá go fóill nuair a mhúsclaím ar maidin, ach ní miste liom sin. Is breá liom bheith i mo luí ag éisteacht leis an fhearthainn ag bualadh in éadan na fuinneoige san oíche agus mé te teolaí i mo leaba.



Bím tógtha nuair a bhíonn an sneachta ag titim. Is breá liom fear sneachta a thógáil le mo dheirfiúr agus éadaí a chur air. Rud eile is breá liom faoin gheimhreadh ná go dtagann Daidí na Nollag ar cuairt chugainn!

Le linn an gheimhridh, ní bhíonn mórán rudaí ag fás. Ní bhíonn mórán bláthanna le feiceáil agus bíonn an chuid is mó de na crainn lom. Bíonn roinnt ainmhithe ina gcodladh le linn an gheimhridh, an ghráinneog mar shampla. Ní mhúsclaíonn siad mar is ceart ón chodladh geimhridh seo go dtí an t-earrach. Is trua liom na héin ag an am seo den bhliain mar bíonn sé deacair acu bia a fháil. Caithfidh siad péisteanna beaga a fháil ón talamh ach is minic a bhíonn sioc ann. Déanaim cinnte de go mbíonn go leor cnónna agus rudaí mar sin i mo bhosca éan dóibh.

Ceisteanna

1. Cén fáth nach maith le daoine an geimhreadh?
2. Cé acu atá fíor faoin gheimhreadh?
 - (a) Bíonn sé dorchá an t-am ar fad
 - (b) Bíonn sé dorchá go luath tráthnóna
 - (c) Bíonn sé geal go luath ar maidin
3. I bparagraf 2 tá an focal 'tagann' in úsáid mar:
 - (a) ainmfhocal
 - (b) briathar
 - (c) aidiacht
4. I bparagraf 3 cad é a chiallaíonn an frása 'bíonn an chuid is mó de na crainn lom'?
5. Ciallaíonn 'codladh geimhridh' go mbíonn:
 - (a) na hainmhithe iontach tuirseach an t-am ar fad.
 - (b) na hainmhithe ar saoire sa gheimhreadh.
 - (c) na hainmhithe ina gcodladh i rith an gheimhridh.
6. Cad é mar atá a fhios againn gur duine cineálta é an t-údar?.

itheachán *ainmfhocal*

1 seomra itheacháin an seomra ina n-itheann daoine na beilte **2 cipíní itheacháin** péire maidí tanaí a úsáideann tú le bia Síneach nó Seapánach a ithe

Iúil *ainmfhocal*

an seachtú mí den bhliain, mí Iúil

iúr *ainmfhocal* iúir

crann síorghlas le caora dearga agus duilleoga dorcha mar shnáthaidí

Iúr Cinn Trá *ainmfhocal*

cathair i gContae an Dúin

iúl *ainmfhocal*

cuir in iúl eolas a thabhairt, rud a chur le fios



jab *ainmfhocal* jabanna

obair a dhéanann duine go rialta le hairgead a shaothrú, post

jacaí *ainmfhocal* jacaíthe

duine a mharcaíonn ar chapall i rásaí *Bhí an jacaí ag marcaíocht ar an chapall.*

jíons *ainmfhocal*

brístí neamhfhoirmiúla déanta le deinim, bríste géine *Níl cead agat jíons gorma a chaitheamh ar scoil.*

jíp *ainmfhocal* jípeanna

carr beag láidir ar féidir a thiomáint ar thalamh garbh *Tá rotha móra faoin jíp.*



júdó *ainmfhocal*

comhrac láimhe spórtúil ón tSeapáin *Tá an gasúr iontach maith ag troid mar déanann sé júdó.*

jumbó *ainmfhocal*

scairdeitleán jumbó eitleán paisinéirí ollmhór



karaté *ainmfhocal*

modh féinchosanta ón tSeapáin, ag úsáid na lámha agus na cosa



kebab *ainmfhocal* kebabanna

píosaí beaga feola nó glasraí gríosctha ar bhriogún



lá *ainmfhocal* laethanta

1 an tréimhse 24 uair idir meánoíche agus an chéad mheánoíche eile **2** an chuid gheal den lá **3 lá breithe** an dáta ar ar rugadh tú **4 laethanta saoire** tréimhse ama nuair nach mbíonn tú ar scoil nó ag obair; tréimhse nuair a théann tú chuig áit eile le sult a bhaint as

lábán *ainmfhocal* lábáin

créafóg bhog fhliuch *Is maith leis an mhuc rolladh sa lábán.*

lábánach *aidiacht* níos/is lábánaí

lábán a bheith ann

labhair *briathar* labhair, labhraíonn, labhróidh,

labhairt, labhartha

focail a dhéanamh ó bhéal, caint

labhairt *ainmfhocal*

cumas le focail a dhéanamh ó bhéal

labhandar *ainmfhocal*

planda le bláthanna bánchorcra agus boladh an-mhilis

lacáiste *ainmfhocal* lacáistí

an méid ar ar laghdaíodh praghas ruda, 25% mar shampla

lách *aidiacht* níos/is láiche

séimh, ciúin, suaimhneach, cineálta, cairdiúil *Is duine lách í mo mhaimeo.*

lacha *ainmfhocal* lachain

éan le cosa scamallacha agus gob cothrom

lachín *ainmfhocal* lachíní

lacha óg

lacht *ainmfhocal* lachtanna

bainne

lachtmhar *aidiacht* níos/is lachtmhaire



bainniúil

ládáil *ainmfhocal* ládálacha

na hearraí a iompraíonn long nó eitleán, bulc

ladar *ainmfhocal* ladair

spúnóg mhór dhomhain le hanla fada a úsáideann tú le súp nó leachta eile a riar *Thug mamaí ladar bainne do na cait.*



Obair Bhaile 12

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.


1. Cén mhí den bhliain atá luaite ar an leathanach seo?
2. Cén t-ainmhí a bhíonn jacaí ag marcaíocht air?
3. Cén sórt crainn atá luaite ar an leathanach seo?
4. Cén tír óna dtagann júdó agus karaté?
5. Cad é an uimhir iolra de 'jíp'?
6. Cad é a dhéanann tú le kebab?
7. Cén dath atá ar labhandar?
8. Cén sórt duine é duine lách?

Obair Bhaile 13

Deilfeanna

Is mamach í an deilf a chónaíonn san fharraige. Cónaíonn deilfeanna i ngrúpaí móra de ghnáth. Itheann siad rudaí eile a chónaíonn san uisce, go háirithe an scuid. Itheann na deilfeanna móra ochtapais, róna agus portáin chomh maith.

Is mamach iontach cliste í an deilf. Déanann deilfeanna fuaimeanna arda le labhairt lena chéile. Ní thig leo anáilú faoin uisce, agus mar gheall air sin, caithfidh siad teacht go barr an uisce go minic le haer a fháil. Tá poll acu ar bharr a gcinn agus baineann siad úsáid as an pholl seo le hanáilú.



Tá an deilf ábalta tumadh síos a fhad le 100 méadar ach caithfidh sí filleadh go barr an uisce arís. Sa bhliain 1966, bhí deilf chlúiteach ann darb ainm Tuffy a bhí ábalta tumadh síos a fhad le 250 méadar!

Bíonn deilfeanna le feiceáil anois is arís in Éirinn fosta. Bíonn deilf iontach clúiteach, darb ainm Fungi, le feiceáil i gContae Chiarraí. Téann cuid mhór daoine amach ar bháid le bheith ag amharc air. Is minic a bhíonn Fungi ag snámh in aice leo. Tá dúil ag daoine sa deilf ach is cinnte go bhfuil dúil ag an deilf i ndaoine fosta!

Ceisteanna

1. Cá háit a gcónaíonn an deilf?
2. Cad é an bia is fearr leis an deilf?
3. Cén fáth a gcaithfidh an deilf teacht go barr an uisce go minic?
4. Cé acu atá fíor?
 - (a) Ní bhíonn deilfeanna ar bith le feiceáil in Éirinn
 - (b) Is féidir deilfeanna a fheiceáil in amanna in Éirinn
 - (c) Is é Fungi an t-aon deilf amháin a bhíonn le feiceáil in Éirinn
5. Cad é mar atá a fhios againn nach bhfuil eagla ar Fungi roimh dhaoine?
6. Cén dá aidiacht is fearr a chuireann síos ar an deilf?
 - (a) Trioblóideach agus ocrach
 - (b) Cliste agus ocrach
 - (c) Cliste agus cairdiúil

Obair Bhaile 14

Na Pláinéid

Is pláinéad é an Domhan. Tá 7 bpláinéad eile sa ghrianchóras s'againne agus tá siad cosúil le liathróidí móra a bhíonn ag taisteal thart ar an ghrian. Is réalta í an ghrian.

Seo iad na pláinéid san ord ina bhfuil siad ón ghrian:

- Mearcair: Is é Mearcair an pláinéad is cóngaraí don ghrian. Is pláinéad an-te é.
- Véineas: Is é Véineas an pláinéad is gile.
- An Domhan: Seo an pláinéad a bhfuil muid inár gcónaí air. Má amharcann tú ar an domhan ón spás, tá dath gorm air cionn is go bhfuil cuid mhór uisce ann. Seo an t-aon phláinéad amháin ar a bhfuil daoine ina gcónaí agus ar a bhfuil cuid mhór plandaí agus ainmhithe le fáil.
- Mars: Tugann daoine 'An Pláinéad Dearg' ar Mhars mar gheall ar an dath atá air.
- Iúpatar: Is é Iúpatar an pláinéad is mó. Tá spota mór dearg air.
- Satarn: Is é Satarn an dara pláinéad is mó agus tá fáinní móra thart air.
- Úránas: Is é Úránas an seachtú pláinéad ón ghrian.
- Neiptiún: Is é Neiptiún an pláinéad is faide ar shiúl ón ghrian. Tá Neiptiún ceithre huaire níos mó ná an domhan. Is é Neiptiún an pláinéad is fuaire.

Bhí pláinéad eile ann go dtí 2006 darb ainm Plútón, a bhí iontach beag ar fad. Ní ghlacann na réalteolaithe leis mar phláinéad níos mó cionn is go bhfuil sé chomh beag sin.

Ceisteanna

1. Cá mhéad pláinéad ar fad atá sa ghrianchóras?
2. Cé acu atá fíor?
 - (a) Bíonn an ghrian ag taisteal thart ar na pláinéid
 - (b) Bíonn na pláinéid ag taisteal thart ar an ghrian
 - (c) Is pláinéad í an ghrian
3. Cad é an dara pláinéad is cóngaraí don ghrian?
4. Cad é atá speisialta faoin domhan?
5. Cén dá aidiacht is fearr a chuireann síos ar an phláinéad Neiptiún?
 - (a) beag agus fuar
 - (b) mór agus te
 - (c) mór agus fuar
6. Cén fáth nach bhfuil Plútón ina phláinéad níos mó?

Obair Bhaile 15

Imithe!

Lá fliuch gaofar a bhí ann, go gairid i ndiaidh na Nollag. Bhí Colm agus Cara ag súgradh sa teach agus ag imirt cleasanna draíochta ar a chéile. Bhí Colm ag ligean air gur Harry Potter a bhí ann. Bhí sé réidh le cleas draíochta a imirt ar Chara nuair a thosaigh Cara ag troid leis. Bhí Colm iontach míshásta.

“Scríosann tú gach rud i gcónaí, a Chara. Cuirfidh mé faoi dhraíocht thú agus imeoidh tú go deo,” a dúirt sé léi.

Thóg sé a shlat draíochta, bhog sé é suas agus síos san aer, rinne sé ciorcal san aer de agus dúirt; “Ruaille Buaille, Suas agus Síos, níor mhaith liom Cara, a fheiceáil arís!” Rinne Colm gáire ach thosaigh Cara ag caoineadh agus rith sí amach as an tseomra. Shuigh Colm síos ar an tolg le hamharc ar an teilifís leis féin. Bhí an aimsir ag éirí níos measa agus roimh i bhfad bhí gaoth mhór taobh amuigh. D’éirigh Colm rud beag buartha ansin cionn is nach bhfaca sé Cara le tamall. Chuaigh sé isteach sa chistin agus chuir sé ceist ar mhamaí an bhfaca sí Cara, ach ní fhaca.

Ansin, d’éirigh mamaí buartha fosta. Bhí aghaidh mhamaí chomh bán le sneachta. Scairt sí ar Chara ach ní raibh freagra ar bith ann. D’amharc siad i ngach seomra sa teach ach ní fhaca siad áit ar bith í. Bhí an bheirt acu ina seasamh taobh amuigh de sheomra Chara nuair a thosaigh Colm ag caoineadh. “Tá Cara ar shiúl mar gheall ormsa. Chuir mé faoi dhraíocht í agus anois tá sí imithe go deo.”

Go díreach ansin, chonaic Mamaí rud éigin faoi leaba Chara. D’iarr sí ar Cholm amharc faoin leaba. Cé a bhí ann ach Cara, agus í ina codladh! Bhí lúcháir an domhain ar Cholm nach raibh Cara caillte níos mó. Mhúscail sé Cara agus dúirt sé léi go raibh brón air.


Ceisteanna

1. Cá huair a tharla an scéal seo?
2. I bparagraf 1 tá an focal ‘cleas’ in úsáid mar:
 - (a) briathar.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) aidiacht.
3. Cén fáth ar rith Cara amach as an tseomra?
4. Bhí aghaidh Mhamaí chomh bán le sneachta mar:
 - (a) bhí a haghaidh clúdaithe le púdar.
 - (b) bhí imní uirthi.
 - (c) bhí sé ag cur sneachta.
5. Cén fáth ar thosaigh Colm ag caoineadh?
6. Cad é mar a mhothaigh Colm nuair a chonaic sé Cara arís?

Obair Bhaile 16

Naomh Pádraig

Deir daoine gur rugadh Naomh Pádraig in Albain sa bhliain 387. Tá daoine eile ann a deir gur sa Bhreatain Bheag a rugadh é. Is deacair bheith cinnte faoi. Nuair a bhí Pádraig ina ghasúr óg, thóg grúpa foghlaithe é agus thug siad go hÉirinn leo é. Bhí na foghlaithe an-dian ar Phádraig. D'oibrigh sé ó mhaidin go hoíche mar aoire, ag tabhairt aire do chaoirigh.



Ní raibh Pádraig sásta in Éirinn. Ní raibh saol maith aige. Chaith sé gach oíche ag guí chuig Dia. Oíche amháin, chuala sé duine éigin ag caint leis. Dia a bhí ann. Dúirt Dia leis go raibh air imeacht as an áit sin agus go raibh bád ag fanacht lena thabhairt abhaile, ar ais chuig a theaghlach.

D'imigh Pádraig leis agus lúcháir an domhain air. Bhí Pádraig an-sásta bheith ar ais arís ina thír féin, ach oíche amháin, bhí brionglóid eile aige. Chuala sé daoine in Éirinn ag iarraidh air dul ar ais chucu. Thuig sé go raibh Dia ag iarraidh air dul ar ais go hÉirinn le labhairt leis na daoine faoi Dhia.

Chuaigh sé le bheith ina shagart agus i ndiaidh tamaill tháinig sé ar ais go hÉirinn le labhairt leis na daoine faoi Dhia. Ní raibh eagla ar bith air an t-am seo ach sona sásta a bhí sé.

Chaith Naomh Pádraig 60 bliain in Éirinn agus fuair sé bás ar an 17 Márta, sa bhliain 461.

Ceisteanna

1. Cén bhliain ina rugadh Naomh Pádraig?
2. Cá háit ar rugadh Naomh Pádraig?
3. Cén focal is fearr a chuireann síos ar na foghlaithe?

- (a) Cineálta
- (b) Cruálach
- (c) Cairdiúil

4. Cad é a chiallaíonn 'agus lúcháir an domhain air'?
5. Tá an focal 'd'imigh' in úsáid sa scéal seo mar:

- (a) briathar.
- (b) ainmfhocal.
- (c) aidiacht.

6. Cad é mar a mhothaigh Pádraig nuair a tháinig sé ar ais go hÉirinn, do bharúil?

líon *ainmfhocal* líonta

1 uimhir ar leith de rudaí, méid, oiread *Cad é an líon is lú bonn atá de dhíth le £3.88 a dhéanamh?* **2**

ábhar atá déanta de phíosáí snátha, corda nó sreinge atá ceangailte le chéile i bpatrún trasnaithe le poill eatarthu **3** planda a tháirgeann snáthíní a úsáidtear le héadach a dhéanamh agus síolta a úsáidtear le hola a dhéanamh **4** **líonta** na codanna den trealamh sa pheil ina scóráiltear cúil **5** **líon iascaigh** trealamh a úsáideann iascairí chun éisc a cheapadh **5** **líon damhán** **alla** tacar tanaí de shnáthanna greamaitheacha a shníonn damháin **alla** chun feithidí a cheapadh **6** sa mhatamaitic, is líon é na cruthanna déthoiseacha atá de dhíth le cruth tríthoiseach a dhéanamh

líon *briathar* líon, líonann, líonfaidh, líonadh, líonta

1 rud a dhéanamh lán, ártach nó soitheach mar shampla **2** **líon isteach** foirm a chomhlánadh nó freagraí a chur isteach

líonadh *ainmfhocal*

1 píosa miotail a chuireann fiaclóir i do bhéal istigh i bhfiacail atá lofa **2** bia a chuireann tú isteach i bpióg, ceapaire nó císte

líonalann *ainmfhocal*

ábhar bog a úsáidtear le cneánna a chlúdach

líonláithreán *ainmfhocal* líonláithreáin

áit ar an idirlíon a dtig leat eolas a fháil

líonmhar *aidiacht* níos/lis líonmhaire cuid mhór a bheith ann

líonóil *ainmfhocal* líonóilí

clúdach plaisteach láidir don urlár, is minic a chuirtear síos sa chistin nó sa seomra folctha é

líonpheil *ainmfhocal*

cluiche ina ndéanann dhá foireann iarracht liathróid a chaitheamh trí líontán ard atá ag crochadh ó fháinne

líonra *ainmfhocal* líonraí




córas le cuid mhór codanna nó nasc

líonrú *ainmfhocal*

líonrú sóisialta bualadh le daoine agus labhairt leo ar an idirlíon

lionsa *ainmfhocal* lionsaí

1 píosa gloine nó plaisteach cuartha a úsáidtear le híomhánna a chur i bhfócas nó le solas a dhíriú ar rud **2** **lionsaí tadhaill** lionsaí beaga plaisteacha a chuireann tú ar mhealla súl in ionad spéaclaí a chaitheamh

**líontán** *ainmfhocal* líontáin

1 an trealamh sa pheil ina scóráiltear tú cúil, déanann an cúil báire iarracht stop a chur leis an liathróid ag dul isteach sna líontán **2** sa mhatamaitic, is líontán é na cruthanna déthoiseacha atá de dhíth le cruth tríthoiseach a dhéanamh

liopa *ainmfhocal* liopaí

ceann amháin den dá imeall thoirtíula den bhéal, beola

liopard *ainmfhocal* liopaird

ainmhí fiáin atá mór agus spotach, is cat é

lios *ainmfhocal* liosanna

gairdín mór a bhíonn thart ar theach mór

Liospóin *ainmfhocal*

cathair sa Phortaingéil

liosta *ainmfhocal* liostaí

méid áirithe ainmneacha, figiúirí nó rudaí scríofa ceann i ndiaidh a chéile

liostaigh *briathar*

liosta a dhéanamh

lipéad *ainmfhocal* lipéid

píosa páipéir, éadaigh nó miotail greamaithe do rud a léiríonn cad é atá ann nó a thugann eolas eile air, an praghas mar shampla

lipéadaigh *briathar* lipéadaigh, lipéadaíonn,

lipéadóidh, lipéadú, lipéadaithe

1 lipéad a chur ar rud **2** teideal nó tuilleadh eolais a chur ar rud, graf mar shampla

líreacán *ainmfhocal* líreacáin

1 milseán crua greamaitheach ar chipín a líonn tú **2** **líreacán oighir** oighear blaistithe nó uachtar reoite ar chipín

liric *ainmfhocal* liricí

liricí na focail d'amhrán

lítear *ainmfhocal* lítir


tomhas leachta, tá 1000 millilítear i lítear

litearthacht *ainmfhocal*

cumas a bheith ort labhairt, léamh agus scríobh go maith

litir *ainmfhocal* litreacha

1 ceann de na siombailí a úsáidimid le focail a scríobh, a, b, c, d agus mar sin de **2** teachtaireacht scríofa a chuireann tú chuig duine eile



Obair Bhaile 17


Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'liopaí'?
2. Cad é an rud é 'lios'?
3. Cad iad na rudaí a chaitheann tú in áit spéaclaí má tá droch-radharc agat?
4. Cad é a thugtar ar thacar tanaí de shnáthanna greamaitheacha a shníonn damhán alla chun feithidí a cheapadh?
5. Cad é an uimhir iolra de 'líreacán'?
6. Ainmnigh cathair ón Phortaingéil atá luaite anseo?
7. Cé a chuireann líonadh i do bhéal?
8. Cén áit a bhfeicfeá líonláithreán?

Obair Bhaile 18

An Ghrian

Is réalta í an ghrian atá 93 milliún míle ón domhan. Is í an ghrian an réalta is cóngaraí don domhan. Is sféar ollmhór tine í atá iontach te agus a thugann teas agus solas dúinn. I rith an tsamhraidh, feiceann muid an ghrian go hard sa spéir agus bíonn an lá fada. I rith an gheimhridh, bíonn sí go híseal sa spéir agus bíonn an lá gairid. Ní thig le plandaí fás gan solas na gréine. Ní thiocfadh linn féin bheith beo gan teas na gréine. Tá an ghrian iontach tábhachtach ar fad.



Thig leis an ghrian dochar a dhéanamh fosta. Bíonn solas na gréine chomh láidir sin i rith an tsamhraidh gur féidir léi dochar a dhéanamh don chraiceann. Caithfidh muid bheith iontach cúramach agus muid amuigh faoin ghrian.

Tá dóigheanna éagsúla ann a dtig linn bheith slán sábháilte faoin ghrian.

- cuir uachtar gréine ort féin i gcónaí;
- caith hata gréine ar do cheann;
- caith éadaí éadroma a chlúdaíonn do ghuaillí;
- ól a lán uisce i rith an ama; agus
- ná hamharc go díreach ar an ghrian gan spéaclaí gréine (is féidir léi dochar mór a dhéanamh do radharc na súl).

Is breá le daoine an samhradh agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch, ach caithfidh muid aire a thabhairt dúinn féin fosta. Ní fiú bheith amaideach!

Ceisteanna

1. Cá fhad atá an ghrian ón domhan?
2. Cé acu atá fíor?
 - (a) Níl an ghrian de dhíth orainn
 - (b) Tá an ghrian cearnógach
 - (c) Tá an ghrian de dhíth ar na plandaí
3. I bparagraf 1 tá an focal 'sféar' in úsáid mar:
 - (a) briathar.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) aidiacht.
4. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach bheith cúramach faoin ghrian?
5. Cad é mar a chuidíonn spéaclaí gréine leat?
6. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach uisce a ól nuair a bhíonn sé te, do bharúil?

Obair Bhaile 19

An Fómhar

Is é an fómhar an séasúr is fearr le Cillian, go háirithe nuair a bhíonn na duilleoga ag titim de na crainn. Ar an bhealach chun na scoile dó, is aoibhinn leis bheith ag ciceáil na nduilleog a bhíonn ina luí ar an talamh. Tá dúil mhór aige sna dathanna éagsúla a bhíonn orthu fosta – donn, oráiste, dearg agus buí. Is maith leis iad a bhailiú agus pictiúir dhaite a chruthú leo.



Gach lá, go díreach i ndiaidh am scoile, ritheann sé chuig an choill, áit a bhfuil cuid mhór crann cnó capaill. Bailíonn sé na cnónna capaill agus tugann sé abhaile leis iad. Fágann sé na cnónna capaill cois tine thar oíche. Éiríonn cnónna capaill níos crua le teas na tine. An lá ina dhiaidh sin, déanann sé poll iontu agus cuireann sé sreang isteach tríd an pholl. Ceanglaíonn sé an tsreang ansin agus imríonn sé cluichí leis na cnónna.

Rud eile is maith le Cillian faoin fhómhar ná go mbíonn na húlla réidh san úllord. In amanna, bíonn mamaí Chillian crosta leis nuair a thagann sé abhaile leis na húlla. Tá a fhios ag Cillian nach bhfuil cead aige bheith san úllord ar chor ar bith. Bíonn Mamaí buartha ar eagla go dtitfeadh sé, ach ní chuireann sin isteach ar Chillian!


Ceisteanna

1. Cén fáth a mbailíonn Cillian duilleoga san fhómhar?
2. I bparagraf 2 cad é a chiallaíonn an frása 'cois tine'?
3. Cad é a tharlaíonn do na cnónna thar oíche agus iad cois tine?
4. I bparagraf 2 tá an focal 'poll' in úsáid mar:
 - (a) briathar.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) aidiacht.
5. Cé acu abairt atá fíor?
 - (a) Tá cead ag Cillian dul chuig an úllord
 - (b) Tugann Cillian na húlla abhaile leis
 - (c) Bíonn na húlla réidh san earrach
6. Cén fáth a mbíonn mamaí Chillian crosta leis in amanna, do bharúil?

mandairín

mandairín *ainmfhocal*

mandairíní
oráiste beag



mangaire *ainmfhocal*

mangairí
duine a dhíolann rudaí taobh amuigh de shiopa

manglam *ainmfhocal*

meascán de rudaí

mangó *ainmfhocal* mangónna

toradh trópaiceach súmhar le laíon buí

maoil *ainmfhocal*

maoileanna

1 thar maoil nuair a théann leacht amach as barr an árthaigh ina bhfuil sé **2 faoi mhaoil** carn mór de rudaí a bheith ann *Bhí an tábla faoi mhaoil le páipéir.*



maoin *ainmfhocal* maoine

1 airgead, saibhreas **2** na rudaí uilig ar leatsa iad **3 maoín ghoidte** earraí a goideadh

maoirseacht *ainmfhocal*

bheith i mbun, daoine nó rudaí a stiúradh

maoirseoir *ainmfhocal* maoirseoirí

duine a dhéanann maoirseacht

maoithneach *aidiacht* níos/ís

maoithní

1 nuair a mhothaíonn tú rudaí go domhain **2** nuair a léiríonn tú do mhothúcháin go hoscailte



maol *aidiacht* níos/ís maoile

1 gan gruaig nó gan mórán gruaige ar an cheann **2** faobhar a bheith ag rud nach bhfuil maith don ghearradh

maolaigh *briathar* mhaolaigh, maolaíonn,

maolóidh, maolú, maolaithe

1 éirí níos lú nó rud a dhéanamh níos lú, laghdú **2 luas a mhaolú** dul níos fadálaí de réir a chéile

maolaire *ainmfhocal* maolairí

barra a ritheann feadh thús nó chúl chairr chun é a chosaint ó thimpistí

maoluillinn *ainmfhocal*

maoluillinneacha

uillinn atá níos mó ná 90°
ach níos lú ná 180°

maonáis *ainmfhocal*

anlann uachtarúil atá déanta le huibheacha, ola agus finéagar, is minic a chuirtear í ar shailéad



maor *ainmfhocal* maoir

1 duine atá i mbun nó a stiúran daoine nó rudaí, maoirseoir, ceannaire **2** dalta scoile atá i mbun daltaí eile **3** réiteoir nó moltóir spóirt **4 maoir líne** oifigeach sa pheil, leadóg agus cluichí spóirt eile a bhfuil sé mar jab aige cinneadh a dhéanamh cé acu ar thrasnaigh liathróid an líne nó nár thrasnaigh **5 maoir cúil** oifigeach sa pheil a bhfuil sé mar jab aige cinneadh a dhéanamh cé acu an ndeachaigh an liathróid nó an sliotar tríd na cuailí nó nach ndeachaigh **6 maoir tráchtá** oifigeach a bhfuil sé mar jab aige a dheimhniú nach bhfuil carranna páirceáilte san áit chontráilte



maorga *aidiacht* níos/ís

maorga
grástúil nó galánta

maorlathas *ainmfhocal* maorlathais

an páipéarachas a théann le jabanna, in oifigí ach go háirithe

maoth *aidiacht* níos/ís maoithe

bog, gan a bheith crua

maothán *ainmfhocal* maotháin

an chuid chuartha bhog ag bun na cluaise

mapa *ainmfhocal* mapaí

léaráid den domhan nó de chuid den domhan, ag léiriú rudaí mar bhailte, sléibhte agus aibhneacha, léarscáil



mapa *ainmfhocal* mapaí

píosa ábhair bhoig ag deireadh bata a úsáideann tú leis an urlár a ní

mapáil *briathar* mhapáil, mapálann,

mapálfaidh, mapáil, mapáilte
an t-urlár a ghlanadh le mapa

mar *cónasc*

1 mar gheall ar fháth ar leith, cionn is, as siocair, de bhrí, de thairbhe *D'ól mé deoch uisce mar bhí tart orm.* **2** áit a léiriú *Fan mar a bhfuil tú.* **3** cosúil le, ar nós, mar an gcéanna le *Bhí sé ag caoineadh mar bhabaí.* **4** dóigh nó bealach chun rud a dhéanamh nó a léiriú *Déan mar is maith leat.*

mar *dobhriathar*

1 mar sin féin don fháth sin, mar gheall air sin **2 agus mar sin de** agus araile, agus ar aghaidh agus ar aghaidh **3 mar an gcéanna** go díreach cosúil le **4 mar siúd is mar seo** an dóigh seo agus an dóigh sin **5 gur mar sin duit** tá sé sin tuillte agat

Obair Bhaile 20

Bain úsáid as an fhoclóir leis na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cé acu focal ón leathanach seo atá ar comhchiall le 'léarscáil'?
2. Cén áit ar an chorp atá na maotháin?
3. Cad é a úsáidtear le maonáis a dhéanamh?
4. Cad é a dhéanann maor tráchta?
5. Cad é an uimhir iolra de 'mandairín'?
6. Cad é a dhéanann mangaire?
7. An maoluillinn í uillinn atá 135°?
8. Comhlánaigh an abairt seo tríd an fhoirm cheart den aidiacht a chur isteach.

Is toradh maoth é an banana, ach éiríonn sé níos _____ má bhíonn an aimsir te.

Obair Bhaile 21

Mo Laethanta Saoire

chuig: sile@email.com

ábhar: Laethanta Saoire

Síle, a chara,

Cad é mar atá tú? Ní raibh mé i dteagmháil leat le tamall. Tá súil agam go bhfuil tú ag baint sult as do laethanta saoire féin. Mar atá a fhios agat, tá mise ar laethanta saoire sa Spáinn le seachtain anois. Tá muid ag stopadh in óstán mór galánta cois farraige. Tá an Spáinn go hálainn ach tá sé iontach te!

Bhí gach rud ar dóigh go dtí gur tharla rud inné nach raibh maith ar chor ar bith! Chuaigh muid go dtí an sorcas, ach ní raibh a fhios againn go raibh gach duine ag dul ann fosta! Bhí an áit dubh le daoine agus le carranna. Bhí an trácht ag bogadh chomh mall le seilide agus bhí teas bocht ann. Bhí cúpla carr agus leoraí mór romhainn ar an bhealach. Go tobann, thosaigh an trácht ag bogadh go gasta arís. Ansin, shleamhnaigh an carr s'againne isteach sa charr a bhí romhainn. Ní raibh a fhios ag Daidí cad é a tharla ach buíochas le Dia nach raibh duine ar bith againn gortaithe.

Tháinig na gardaí agus nuair a bhí Daidí ag caint leo, chonaic sé ola ar an bhóthar. Shíl Daidí gur tháinig an ola ón leoraí mhór. Bhí muid uilig ceart go leor agus ní raibh orainn dul go dtí an otharlann.

Cé go bhfuil mé ag baint sult as na laethanta saoire, tá mé ag éirí rud beag tuirseach den teas anois nó bíonn sé millteanach te. Tá mé ag dúil le dul ar ais go Tír Eoghain! Cuir ríomhphost ar ais chugam gan mhoill. Cad é mar atá rudaí sa bhaile? Ar bhain Tír Eoghain an cluiche mór?

Ádh mór,
Ciara

Ceisteanna

1. Cé a scríobh an ríomhphost seo?
2. Cá háit a bhfuil Ciara ar laethanta saoire?
3. Cad é a chiallaíonn 'bhí an trácht ag bogadh chomh mall le seilide'?
4. Cén acu atá fíor?


- (a) Bhí Mamaí gortaithe go dona
- (b) Ní raibh duine ar bith gortaithe
- (c) Shleamhnaigh an carr ar uisce a bhí ina luí ar an bhóthar

5. Cad é mar a tharla an taisme?
6. Cad é mar a mhothaíonn Ciara agus í ar saoire go fóill?

Obair Bhaile 22

An Cluiche Ceannais

Maidin Aoine i lár an fhómhair a bhí ann. Bhí sé ag stealladh báistí go luath ar maidin ach tháinig bun ar an aimsir díreach in am. Lá mór a bhí ann don dá scoil – cluiche ceannais peile idir Scoil Naomh Bríd agus Scoil Naomh Pól. Bhí na bratacha in airde ar fud na páirce. Cé go raibh gach duine ag dúil go mór leis an chluiche, bhí imní ar go leor acu fosta, go háirithe ar imreoirí Scoil Naomh Bríd. Ba é seo an chéad chluiche ceannais ina raibh siad riamh.



Go díreach ar a haon a chlog, rith an dá fhoireann amach ar an pháirc. Bhí slua mór daoine ag an chluiche agus bhí atmaisféar den chéad scoth ann. Shéid an réiteoir an fheadóg agus chaith sé an liathróid isteach. D'imir foireann Naomh Bríd go maith sa chéad leath ach bhí an fhoireann eile 3 phointe chun tosaigh. Bhí siad i bhfad níos láidre agus níos gasta ná foireann Naomh Bríd.

Bhí foireann Naomh Bríd níos fearr sa dara leath. Scóráil siad cúpla pointe agus ní raibh ach pointe amháin sa difear idir an dá fhoireann. Cibé rud a dúirt an múinteoir leo ag am sosa, is léir gur oibrigh sé! Ansin, nuair nach raibh ach dhá bhomaite fágtha, d'éirigh le Seán Rua ó Scoil Naomh Bríd an liathróid a fháil. Rith sé ó thaobh amháin den pháirc go dtí an taobh eile. Ní raibh duine ar bith ábalta greim a fháil air. Ní raibh ann ach Seán Rua agus an cúl báire. Chiceáil sé an liathróid go díreach isteach sa choirnéal.

CÚL a bhí ann! Lig lucht leanúna Naomh Bríd scread mhór astu. Bomaite amháin ina dhiaidh sin shéid an réiteoir an fheadóg. Bhí an bua ag Scoil Naomh Bríd. Bhain siad an cluiche ceannais. Ní thiocfadh le himreoirí Naomh Pól é a chreidiúint. Bhí an cluiche caillte acu!


Ceisteanna

1. I bparagraf 1, cad é a chiallaíonn 'tháinig bun ar an aimsir'?
2. Cad é an aidiacht is fearr a chuireann síos ar fhoireann Naomh Bríd roimh thús an chluiche?
 - (a) neirbhíseach
 - (b) dubh dóite
 - (c) míshásta
3. Tá an focal 'shéid' in úsáid i bparagraf 2 mar:
 - (a) briathar.
 - (b) ainmfhocal.
 - (c) aidiacht.
4. Cé a bhí ag baint ag leath ama?
5. Cé acu atá fíor?
 - (a) Scóráil Seán Rua cúl roimh leath ama
 - (b) Scóráil Seán Rua pointe ag deireadh an chluiche
 - (c) Scóráil Seán Rua cúl ag deireadh an chluiche
6. Cad é mar a mhothaigh foireann Naomh Pól ag deireadh an chluiche, do bharúil?

Obair Bhaile 23

ÚFÓanna

Tá daoine ann a deir go bhfaca siad rudaí aisteacha ag eitilt sa spéir san oíche. Spáslonga, a deir siad! Tugtar ÚFÓanna ar na spáslonga seo. Creideann daoine go mbíonn eachtráin iontu agus go mbíonn siad ag tabhairt cuairt ar an domhan gan fhios dúinn. Tá daoine eile ann a deir gur thug na heachtráin isteach sa spáslong iad, agus go ndearna siad trialacha orthu go fiú!



Tá daoine gach áit ar fud an domhain a chreideann sna heachtráin seo. Ba é Michael J O'Sullivan an chéad duine in Éirinn a dúirt go bhfaca sé ÚFÓ i mí Iúil 1947.

Chonaic Michael agus ceathrar eile pláta lonrach ollmhór ag eitilt go gasta sa spéir agus ag imeacht arís ar chúl na scamall.

Níor chreid mórán daoine é ag an am. Shíl siad go raibh sé ar strae! Ní raibh mórán scéalta ann faoi ÚFÓanna ag an am sin, ach sa lá atá inniu cluineann muid cuid mhór fúthu. B'fhéidir go bhfuil na spáslonga ag teacht ar cuairt chugainn níos minice ná riamh ceart go leor! Nó b'fhéidir go bhfeiceann daoine barraíocht acu ar an teilifís!

Ceisteanna

1. Cá huair a bhíonn ÚFÓanna le feiceáil?
2. Cén fáth a dtagann na heachtráin, dar leis na daoine a chreideann iontu?
3. Tá an focal 'creideann' in úsáid sa scéal mar:

- (a) ainmfhocal.
- (b) briathar.
- (c) aidiacht.

4. Cad é a chiallaíonn an abairt 'shíl daoine go raibh sé ar strae'?
5. Cé acu atá fíor?

- (a) Tá a lán daoine ann a chreideann in eachtráin
- (b) Ní chreideann duine ar bith in eachtráin
- (c) Bíonn eachtráin le feiceáil gach áit


6. Cén abairt a insíonn dúinn nach gcreideann an t-údar in eachtráin, do bharúil?

- (a) B'fhéidir go bhfeiceann daoine barraíocht acu ar an teilifís
- (b) Cluineann muid cuid mhór fúthu
- (c) Tá daoine gach áit ar fud an domhain a chreideann sna heachtráin seo

Obair Bhaile 24

An Fia Rua

Is ainmhí mór galánta é an fia rua. Cónaíonn sé in Éirinn agus i go leor tíortha eile ar fud an domhain. Bíonn sé deacair é a fheiceáil cionn is go mbíonn sé thuas sna sléibhte agus i measc na gcrann cuid mhaith den am. Ní miste leis an fhia rua an aimsir fhuar in Éirinn. Tá cóta mór fionnaidh air a éiríonn tiubh sa gheimhreadh agus, mar sin de, ní éiríonn sé fuar. Ní itheann an fia rua feoil. Ní itheann sé ach plandaí agus féar.



Is é an carria an t-ainm atá ar an fhia rua fireann. Bíonn beanna ar an charria. Fásann beanna úra air gach bliain. Tosaíonn siad a fhás san earrach agus bíonn siad iontach mór faoin samhradh. Ansin, titeann na beanna de san fhómhar. Baineann sé úsáid as na beanna móra agus é ag troid leis na carrianna eile. Tá crúba air fosta. Cuidíonn na crúba leis siúl sa tsneachta i rith an gheimhridh. Cuidíonn siad leis bia a fháil faoin tsneachta fosta.

Tá fia rua áirithe ann atá iontach speisialta ar fad. Tá srón gheal dhearg air agus is breá le páistí é! Cuidíonn sé le Daidí na Nollag an carr sleamhnáin a tharraingt Oíche Nollag. Tá clú air ar fud an domhain!

Ceisteanna

1. Cé acu atá fíor?
 - (a) Tá an fia rua mór
 - (b) Tá an fia rua beag
 - (c) Tá an fia rua measartha beag
2. Cá háit a mbíonn an fia rua le fáil?
3. Cén fáth nach bhfeiceann daoine an fia rua go minic?
4. Cén fáth nach mbíonn an fia rua fuar?
5. Cé acu abairt atá fíor?
 - (a) Cuidíonn na beanna leis an charria troid
 - (b) Bíonn beanna ar an charria sa gheimhreadh
 - (c) Ní bhíonn beanna ar bith ar an charria
6. Is breá le páistí óga an fia rua. Cén fáth, do bharúil?

